C/2025/4484

6.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12074 — FIRST DUTCH GROUP / CEFETRA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4484)

1. An 30 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— First Dutch Group B.V., ('First Dutch Group', an Ísiltír), faoi rialú an Uasail P.J. Goedvolk,

— Cefetra Group B.V ('Cefetra', an Ísiltír), faoi rialú BayWa Agrar Beteiligungs GmbH (an Ghearmáin) faoi láthair

Gheobhaidh First Dutch Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Cefetra ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais é First Dutch Group atá faoi úinéireacht an Uasail P.J. Goedvolk agus a rialaíonn Burando Atlantic Group ('Burando'). Díríonn Burando ar ghníomhaíochtaí muirí agus cuimsíonn sé sin trádáil (mórdhíola) breoslaí agus bealaí leachtacha agus gásacha (muirí), loingseoireacht lasta mhara agus chósta táirgí leachtacha neamhbhia amhail olaí mianracha agus ceimiceáin éadroma, gníomhaíochtaí coimhdeacha amhail loingseoireacht intíre agus cairtfhostú, agus bailiú agus athchúrsáil dramhaíola muirí neamhghuaisí. Ina theannta sin, rialaíonn an tUasal P.J. Goedvolkk CE Nederland B.V., a oibríonn feirm ghaoithe bheag san Ísiltír, Nes Group B.V., a dhíolann ábhair innealtóireachta leictrí agus soilsiú LED, agus FDR Risk Holding B.V., bróicéir árachais don earnáil lóistíochta (muirí).

— Is bainisteoir slabhra soláthair agus dáileoir comhábhar talmhaíochta é Cefetra do na tionscail cothaithe ainmhithe, comhábhar bia agus fuinnimh, agus soláthraíonn sé lóistíocht chomhtháite ó thúsphointe go críochphointe trí thríú páirtithe agus trí sheirbhísí eile. Ceannaíonn Cefetra amhábhair agus comhábhair bhia ar fud an domhain ó sholáthróirí roghnaithe agus seolann sé tráchtearraí talmhaíochta ar an mórchóir go dtí margaí Thuaisceart agus Lár na hEorpa agus comhábhair bia chuig margaí ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12074 — FIRST DUTCH GROUP / CEFETRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË